Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**13883/25**

**ACP 101**
**WTO 89**
**COASI 121**
**RELEX 1277**
**UD 229**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhforlíontar Cinneadh (AE) 2020/2059 agus lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena bhforlíontar Cinneadh (AE) 2020/2059 agus lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'), a síníodh an 30 Iúil 2009, bunaíodh creat maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche. Tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ag Stát Neamhspleách Nua-Ghuine Phapua agus ag Poblacht Fhidsí ón 20 Nollaig 2009 i leith agus ón 28 Iúil 2014 i leith faoi seach. Tar éis aontachas Stát Neamhspleách Shamó agus Oileáin Sholomón leis an gComhaontú, tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm acu go sealadach ón 31 Nollaig 2018 i leith agus ón 17 Bealtaine 2020 i leith faoi seach.

(2) De bhun Airteagal 68 den Chomhaontú agus Airteagal 41 de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin ('Prótacal II'), féadfaidh an Coiste um Thrádáil, arna bhunú faoin gComhaontú ('Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin') cinneadh a dhéanamh na forálacha Phrótacal II a leasú.

(3) Le Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle[2], bunaíodh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an ochtú cruinniú den Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin. Bhí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal leis an gCinneadh sin.

---

[1] IO L 272, 16.10.2009, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2009/729/oj.

[2] Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin (IO L 424, 15.12.2020, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2059/oj).

(4) Chuir Poblacht Fhidsí agus Stát Neamhspleách Shamó údair imní in iúl ag an nóiméad deireanach maidir leis an seasamh atá le glacadh agus d'iarr siad go gcoinneofaí i bPrótacal II na forálacha a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha. Dá bhrí sin, níor ghlac an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal le Cinneadh (AE) 2020/2059 ag an ochtú cruinniú a bhí aige.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal le Cinneadh (AE) 2020/2059 a fhorlíonadh chun na forálacha a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanachta atá i mbéal forbartha a chur isteach, agus ar an gcaoi sin, na forálacha atá sa leagan bunaidh de Phrótacal II a chur isteach an athuair.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an aonú cruinniú dhéag den Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a bhunú a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a bhunú ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal le Cinneadh (AE) 2020/2059 arna fhorlíonadh leis an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin') atá i gceangal le Cinneadh (AE) 2020/2059, forlíontar é i gcomhréir leis an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an aonú cruinniú dhéag den Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal le Cinneadh (AE) 2020/2059 arna fhorlíonadh leis an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*